C/2025/4100

18.7.2025

CINNEADH ÓN gCOIMISIÚN

an 25 Meitheamh 2025

maidir le comhoiriúnacht le dlí an Aontais na mbeart atá le glacadh ag an Iodáil de bhun Airteagal 14(1) de Threoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(C/2025/4100)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2010 maidir le comhordú forálacha áirithe a leagtar síos le dlí, le rialachán nó le gníomhaíocht riaracháin sna Ballstáit agus a bhaineann le seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc) ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 26 Márta 2025, i litir uaithi, thug an Iodáil fógra don Choimisiún faoi bhearta áirithe atá le glacadh de bhun Airteagal 14(1) de Threoir 2010/13/AE agus arb é is aidhm dóibh na bearta atá i bhfeidhm faoi láthair sa Bhallstát sin a chomhtháthú, a thabhairt cothrom le dáta agus a leasú, ar bearta iad ar dearbhaíodh iad a bheith comhoiriúnach le dlí an Aontais le Cinneadh 2012/394/AE ón gCoimisiún ([2]). Tá na bearta atá le déanamh sa bhreis ar na bearta atá i bhfeidhm faoi láthair agus is éard atá i gceist leo liosta nua a tharraingt suas d'imeachtaí ainmnithe, bídís náisiúnta nó neamhnáisiúnta, a mheasann an Iodáil a bheith fíorthábhachtach don tsochaí.

(2) D'fhíoraigh an Coimisiún go bhfuil na bearta sin a leagtar amach i litir an 26 Márta 2025 comhoiriúnach le dlí an Aontais, go háirithe a mhéid a bhaineann le comhréireacht na mbeart sin agus trédhearcacht an nós imeachta comhairliúcháin náisiúnta a rinneadh.

(3) Agus scrúdú á dhéanamh ar na bearta sin, chuir an Coimisiún san áireamh na sonraí a bhí ar fáil maidir le margadh closamhairc na hIodáile, go háirithe a mhéid a bhaineann le tionchar na mbeart sin ar an margadh teilifíse.

(4) An liosta d'imeachtaí breise ainmnithe, bídís náisiúnta nó neamhnáisiúnta, a mheasann an Iodáil a bheith fíorthábhachtach don tsochaí ('an liosta'), rinneadh é a tharraingt suas ar bhealach soiléir trédhearcach, i ndiaidh comhairliúchán poiblí leathan.

(5) Ar bhonn na fianaise mionsonraithe agus na bhfigiúirí lucht féachana arna soláthar ag údaráis na hIodáile, mheas an Coimisiún go gcomhlíonann gach imeacht breise ar an liosta dhá cheann de na critéir seo a leanas ar a laghad, a mheastar a bheith ina dtáscairí iontaofa ar an tábhacht a bhaineann le himeachtaí áirithe don tsochaí: (i) tá ciallachas ginearálta speisialta ag an imeacht lena mbaineann laistigh den Bhallstát, seachas ciallachas go díreach dóibh siúd a leanann an spórt nó an ghníomhaíocht lena mbaineann de ghnáth; (ii) tá tábhacht shainiúil chultúrtha, a aithnítear go ginearálta, leis an imeacht lena mbaineann do phobal an Bhallstáit, go háirithe mar chúis le féiniúlacht chultúrtha; (iii) glacann an fhoireann náisiúnta sa spórt lena mbaineann páirt i gcomórtas nó i gcraobhchomórtas idirnáisiúnta mór; (iv) chraoltaí an t-imeacht lena mbaineann go traidisiúnta ar an teilifís shaorchraolta agus lucht féachana teilifíse mór aige sa Bhallstát.

([1]) IO L 95, 15.4.2010, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2010/13/oj.

([2]) Cinneadh 2012/394/AE ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2011 maidir le comhoiriúnacht le dlí an Aontais na mbeart atá le glacadh ag an Iodáil de bhun Airteagal 14 de Threoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhordú forálacha áirithe a leagtar síos le dlí, le rialachán nó le gníomhaíocht riaracháin sna Ballstáit agus a bhaineann le seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc) (IO L 187, 17.7.2012, lch. 57, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2012/394/oj).

(6) Tá ciallachas ginearálta speisialta ag Cluichí Parailimpeacha an tSamhraidh agus an Gheimhridh laistigh den Iodáil, agus baineann tábhacht leo ní hamháin dóibh siúd a leanann na himeachtaí spóirt sin de ghnáth. Thairis sin, bíonn foireann náisiúnta na hIodáile rannpháirteach sna cluichí sin, chraoltaí go traidisiúnta iad ar an teilifís shaorchraolta agus bíonn lucht féachana mór teilifíse acu san Iodáil.

(7) I gcás ina mbíonn foirne na hIodáile rannpháirteach i gcluichí leathcheannais agus i gcluichí ceannais an Conference League sa sacar, meastar gur imeachtaí fíorthábhachtacha don tsochaí iad freisin. Tá ciallachas ginearálta speisialta ag na cluichí sin laistigh den Iodáil, agus baineann tábhacht leo ní hamháin dóibh siúd a leanann an comórtas sin de ghnáth. Craoladh roimhe seo iad ar an teilifís shaorchraolta agus lucht féachana mór teilifíse acu san Iodáil.

(8) Áirítear ar an liosta freisin cluichí ceannais dhá mhórchomórtas sacair: cluiche ceannais Coppa Italia agus cluiche ceannais Supercoppa di Lega. Meastar gur imeachtaí fíorthábhachtacha don tsochaí iad na cluichí sin toisc go mbíonn an-tóir ag an pobal i gcoitinne orthu, ní hamháin na daoine sin a leanann an spórt sin de ghnáth, agus chraoltaí go traidisiúnta iad ar an teilifís shaorchraolta agus lucht féachana mór teilifíse acu san Iodáil.

(9) I gcás ina mbíonn imreoirí na hIodáile rannpháirteach i gcluichí leathcheannais agus i gcluichí ceannais chomórtais Chaithréim Mhór na leadóige, bíonn ciallachas ginearálta speisialta acu laistigh den Iodáil agus baineann tábhacht leo ní hamháin dóibh siúd a leanann an leadóg de ghnáth. Ar thaobh amháin, chraoltaí Wimbledon agus Craobh Oscailte na Stát Aontaithe go traidisiúnta ar an teilifís shaorchraolta agus lucht féachana mór teilifíse acu san Iodáil. Ar an taobh eile, chraoltaí Craobh Oscailte na hAstráile agus Roland Garros ar chainéil teilifíse nach mór íoc astu san am a chuaigh thart, agus lucht féachana mór acu freisin; mar sin féin, is léir go bhfuil spéis ag pobal na hIodáile sna comórtais sin agus bhí lucht féachana mór ann gach uair a craoladh ar an teilifís shaorchraolta iad, agus bhí lucht féachana mór ann freisin nuair a craoladh na comórtais ar chainéil teilifíse nach mór íoc astu.

(10) I gcás ina mbíonn imreoirí na hIodáile rannpháirteach i gcluichí leathcheannais agus i gcluichí ceannais ATP Finals, WTA Finals, ATP Masters 1000 agus WTA 1000, meastar gur imeachtaí fíorthábhachtacha don tsochaí iad toisc go mbíonn an-tóir ag an bpobal i gcoitinne orthu, ní hamháin na daoine sin a leanann an leadóg de ghnáth, agus chraoltaí go traidisiúnta iad ar an teilifís shaorchraolta agus lucht féachana mór acu san Iodáil.

(11) I gcás ina mbíonn foireann náisiúnta na hIodáile rannpháirteach i gcluichí leathcheannais agus i gcluichí ceannais an chomórtais leadóige United Cup, bíonn ciallachas ginearálta speisialta acu laistigh den Iodáil agus foireann náisiúnta rannpháirteach i mórchomórtas idirnáisiúnta.

(12) Áirítear ar an liosta freisin na céimeanna de rás rothaíochta Tour de France a bhíonn ar siúl san Iodáil. Ní hamháin go mbíonn na céimeanna sin tábhachtach dóibh siúd a leanann an spórt sin de ghnáth, bíonn lucht féachana mór teilifíse acu, agus chraoltaí go traidisiúnta iad ar an teilifís shaorchraolta.

(13) I gcás ina mbíonn Craobhchomórtais Lúthchleasaíochta an Domhain ar siúl san Iodáil nó i gcás ina mbíonn foireann náisiúnta na hIodáile rannpháirteach iontu, bíonn ciallachas ginearálta speisialta acu laistigh den Iodáil agus baineann tábhacht leo ní hamháin dóibh siúd a leanann an lúthchleasaíocht de ghnáth. Chomh maith le rannpháirtíocht foirne náisiúnta i mórchomórtas idirnáisiúnta, ba cheart a chur san áireamh freisin go gcraoltaí na Craobhchomórtais sin go traidisiúnta ar an teilifís shaorchraolta agus lucht féachana mór teilifíse acu san Iodáil.

(14) I gcás ina mbíonn babhtaí ceannais Chraobhchomórtas Uiscíochta an Domhain ar siúl san Iodáil nó i gcás ina mbíonn snámhaithe na hIodáile rannpháirteach iontu, bíonn ciallachas ginearálta speisialta acu agus baineann tábhacht leo ní hamháin dóibh siúd a leanann an spórt sin de ghnáth. Bíonn foireann náisiúnta na hIodáile rannpháirteach i mórchomórtas idirnáisiúnta agus chraoltaí go traidisiúnta iad ar an teilifís shaorchraolta agus lucht féachana mór acu san Iodáil.

(15) I gcás ina mbíonn babhtaí ceannais Chraobhchomórtas Gleacaíochta an Domhain ar siúl san Iodáil nó i gcás ina mbíonn gleacaithe na hIodáile rannpháirteach iontu, áirítear na Craobhchomórtais sin ar an liosta freisin. Chomh maith le rannpháirtíocht foirne náisiúnta i mórchomórtas idirnáisiúnta, ba cheart a chur san áireamh freisin go mbaineann tábhacht leis na Craobhchomórtais sin, ní hamháin dóibh siúd a leanann an spórt sin de ghnáth, agus go gcraoltaí go traidisiúnta iad ar an teilifís shaorchraolta agus lucht féachana mór acu san Iodáil.

(16) I gcás ina mbíonn babhtaí ceannais Chraobhchomórtas Pionsóireachta an Domhain ar siúl san Iodáil nó i gcás ina mbíonn pionsóirí na hIodáile rannpháirteach iontu, bíonn ciallachas ginearálta speisialta acu laistigh den Iodáil agus baineann tábhacht leo ní hamháin dóibh siúd a leanann an spórt sin de ghnáth, bíonn foireann náisiúnta rannpháirteach i mórchomórtas idirnáisiúnta, agus chraoltaí go traidisiúnta iad ar an teilifís shaorchraolta agus lucht féachana mór acu san Iodáil.

(17) I gcás ina mbíonn babhtaí ceannais Chraobhchomórtais Scátála an Domhain ar siúl san Iodáil nó i gcás ina mbíonn scátálaithe na hIodáile rannpháirteach iontu, áirítear na Craobhchomórtais sin ar an liosta. Chomh maith le rannpháirtíocht foirne náisiúnta i mórchomórtas idirnáisiúnta, ba cheart a chur san áireamh freisin go mbaineann tábhacht leis na craobhchomórtais sin, ní hamháin dóibh siúd a leanann an spórt sin de ghnáth.

(18) I gcás ina mbíonn an Craobhchomórtas Domhanda Sciála Alpaí ar siúl san Iodáil nó i gcás ina mbíonn sciálaithe na hIodáile rannpháirteach ann, baineann tábhacht leo ní hamháin dóibh siúd a leanann an spórt sin de ghnáth agus bíonn foireann náisiúnta rannpháirteach i mórchomórtas idirnáisiúnta.

(19) Tá ciallachas ginearálta speisialta ag an gcomórtas amhránaíochta Eoraifíse laistigh den Iodáil agus chraoltaí go traidisiúnta é ar an teilifís shaorchraolta agus lucht féachana mór aige san Iodáil.

(20) Tá oíche oscailte an tséasúir cheoldrámaíochta ag Teatro San Carlo in Napoli ar an liosta, mar gheall ar an gciallachas ginearálta speisialta atá aici laistigh den Iodáil agus an tábhacht chultúrtha ar leith a bhaineann léi.

(21) I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ní théann na bearta ar thug an Iodáil fógra ina leith thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir atá á shaothrú a bhaint amach, is é sin an ceart chun faisnéise agus rochtain leathan an phobail ar chumhdach teilifíse ar imeachtaí náisiúnta nó neamhnáisiúnta a chosaint, rud a mheasann an Iodáil a bheith fíorthábhachtach don tsochaí, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh: (i) na socruithe ar dá réir a chraolfar na himeachtaí atá i gceist; (ii) an sainmhíniú ar 'craoltóir cáilitheach' atá in Airteagal 1(2), pointe B, de Autorità per le Garanzie nelle Comunicazioni (AGCOM) Cinneadh Uimh. 131/12/CONS an 15 Márta 2012; (iii) ról AGCOM maidir le díospóidí a réiteach; agus (iv) ós rud é, maidir leis na himeachtaí nua ainmnithe, nach mbeidh feidhm ag an mbeart ábhartha ach amháin maidir le himeachtaí a bhfuarthas cearta eisiacha ina leith tar éis theacht i bhfeidhm na forála lena mbaineann, agus dá bhrí sin nach mbeidh feidhm aige maidir le conarthaí atá ann cheana. Mar thoradh air sin, ní théann éifeachtaí ainmniú na n-imeachtaí breise ar an gceart chun maoine, mar a leagtar síos in Airteagal 17 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais, thar na héifeachtaí sin a bhfuil dlúthnasc acu leis na himeachtaí sin a áireamh ar an liosta dá dtagraítear in Airteagal 14(1) de Threoir 2010/13/AE.

(22) Ar chúiseanna comhchosúla, is cosúil go bhfuil bearta na hIodáile comhréireach chun údar a thabhairt le maolú ar an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar, mar a leagtar síos in Airteagal 56 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Is é an leas poiblí sáraitheach lena dtugtar údar leis an maolú sin a áirithiú go mbeidh rochtain leathan ag an bpobal ar chraoltaí imeachtaí náisiúnta nó neamhnáisiúnta, rud a mheasann an Iodáil a bheith fíorthábhachtach don tsochaí. Ina theannta sin, níl aon idirdhealú ná foriamh margaidh i gceist leis na bearta sin in aghaidh craoltóirí, sealbhóirí cirt ná oibreoirí eacnamaíocha eile na mBallstát eile.

(23) Tá na bearta atá le déanamh comhoiriúnach le rialacha iomaíochta an Aontais. Tá an sainmhíniú ar chraoltóir incháilithe i gCinneadh AGCOM Uimh. 131/12/CONS bunaithe ar chritéir oibiachtúla, a fhágann gur féidir iomaíocht iarbhír agus ionchasach a bheith ann chun na cearta chun na himeachtaí a chraoladh a fháil. Ina theannta sin, níl an líon imeachtaí ainmnithe díréireach sa mhéid agus go ndéanfadh sé an iomaíocht a shaobhadh ar na margaí iartheachtacha saorchraolta agus ar íocaíocht. Dá bhrí sin, ní théann éifeachtaí ainmniú na n-imeachtaí breise ar an tsaoirse iomaíochta thar na héifeachtaí sin a bhfuil dlúthnasc acu leis na himeachtaí sin a áireamh ar an liosta dá dtagraítear in Airteagal 14(1) de Threoir 2010/13/AE.

(24) Rinne an Coimisiún na bearta atá le déanamh ag an Iodáil a chur in iúl do na Ballstáit eile agus rinne sé torthaí an mheasúnaithe ar na bearta sin a chur faoi bhráid an choiste teagmhála arna bhunú le hAirteagal 29 de Threoir 2010/13/AE, agus ghlac an coiste sin tuairim fhabhrach,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal aonair

1. Na bearta atá le déanamh ag an Iodáil de bhun Airteagal 14(1) de Threoir 2010/13/AE, ar tugadh fógra ina leith don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 14(2) den Treoir sin an 26 Márta 2025, is bearta iad atá comhoiriúnach le dlí an Aontais.

2. Déanfar na bearta dá dtagraítear i mír 1, arna ndéanamh ag an Iodáil, a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 25 Meitheamh 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Henna VIRKKUNEN
Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin